

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú: 4:30 i.n., Meán Fómhair 2021

I láthair: An Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Cathal Boland, an Clr. Michael Clark, an Clr. Yvonne Collins, an Clr. Pamela Conroy, Ken Farrell, Anne Genockey, Daneve Harris, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Kearns, Colm Kilgallon, Paul McNally, Claire Markey, Gerry McGuire, an Clr. Joe Newman, Brendan O'Halloran, an Clr. Una Power, Kenneth Rea, an Clr. John Walsh.

Leithscéalta: An Clr. Brigid Manton

I láthair: Caitríona Murphy, POF; Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacáochta agus Forbartha Eagraíochta; Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta le SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

1. Leithscéalta & Comhbhrón
2. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl
3. Ábhair le Réiteach ag an mBord
4. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord
5. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas
6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord/Coistí an Bhoird
7. An chéad chruinniú eile

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, Daneve Harris, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú agus ghabh buíochas leis an gcomhalta boird Paul McNally as a sheirbhís ar an mbord le dhá bhliain anuas. Chuir Daneve fáilte roimh an gcomhalta boird nua Kenneth Rea chuig an gcruinniú. D'éirigh Paul as an mbord go hoifigiúil le héifeacht ó dheireadh chruinniú an lae inniu.

1. Tugadh na leithscéalta ar aird

Rinneadh comhbhrón le teaghlaigh bhaill foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le dhá mhí anuas. Bhí nóiméad ciúnais ann.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

2. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

3. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí Faomhadh miontuairiscí na gcuinnithe roimhe sin a bhí ar siúl an 17 Bealtaine agus an 21 Meitheamh 2021.

Molta: An Clr. John Walsh, Cuidithe: An Clr. Michael Clark

Tuarascáil Bhliantúil Tugtha ar Aird CCB BOOÉ 2021

Tugadh na comhaltaí ar mian leo freastal ar an gCruinniú Cinn Bliana ar aird; an Clr. Joe Newman, an Clr. Kazi Ahmed, Colm Kilgallon agus Anne Genockey.

Sealaíocht Chathaoirleach an Bhoird

Éireoidh Daneve Harris as post an Chathaoirligh le héifeacht ó dheireadh chruinniú an lae inniu. Ceapadh an Clr. Joe Newman ina Chathaoirleach.

Molta: An Clr. Cathal Boland

Cuidithe: An Clr. Kazi Ahmed

Ceapacháin Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta

Iarradh ar na comhaltaí suíocháin fholmha ar an mBord Bainistíochta a bhreithniú, lena n-áirítear Institiúid Breisoideachais Dhún Laoghaire.

4. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Comhfhreagras i gCiorcláin ón Roinn Tugtha ar Aird

Beartais

Le hathnuachan agus sin amháin

Comhdhéanamh an Bhoird

Tá comhfhreagras seolta chuig an JMB/ACCS maidir le duine in ionad an chomhalta boird Eileen Salmon.

5. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an POF - Dé Luain, an 20 Meán Fómhair 2021

Buíochas a chur in iúl don Bhord. Agus sinn ag feidhmiú fós ar aon dul le comhairle sláinte poiblí agus rialtais, lena n-áirítear comhairle ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, filleadh ar na scoileanna/coláistí agus ionaid uile de réir na dtreoirilínte iomchuí agus ar aon dul leo. Tá cruinnithe fós á dtionól ar líne ar aon dul le comhairle ón rialtas. Tá foireann na Ceannoifige fós ag oibriú ón mbaile nuair is

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

féidir sin agus leanfaimid orainn ar bhealach an-chúramach agus céimnithe de réir mar a dhéanaimid forbairt agus comhairliúchán ar Bheartas um Chianobair agus ar Bheartas um an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh agus iarracht á déanamh againn maireachtáil le COVID fad a dhéanaimid athcheangal lena chéile chun díriú ar theagasc agus foghlaim inár suíomhanna go léir.

Gabhaimid buíochas lenár bhfoireann uile inár scoileanna/coláistí agus ionaid (teagasc/bainistiú/riarachán agus seirbhísí tacaíochta - foireann agus pobal níos leithne BOOÁCDL a d'oibrigh go crua chun tús áite a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus folláine ár scoláirí agus ár bhfoirne. Guímid gach rath ar ár scoláirí AT agus ATF agus iad ag leanúint dá n-oideachas agus/nó dá n-aistear oibre (áiteanna Bhabhta 2 CAO á dtairiscint inniu).

Tugaimid aitheantas freisin do cheannaireacht na Stiúrthóirí Scoileanna, TFE agus BOaO faoi láthair agus le 19 mí anuas. Is mian liom fáilte a chur roimh Siobhan Lynch chuig ról an Stiúrthóra BOaO. Mar is eol daoibh, b'fhéidir, d'aistrigh Trevor Moore chuig an Státseirbhís i mí Lúnasa. Táimid thar a bheith sásta glacadh le Siobhan ar an bhFoireann Ardbhainistíochta. Oifigeach Oideachais Aosaigh in Oirthuaisceart an chontae an ról a bhí aici roimhe seo.

Ón gcruinniú deireanach i mí an Mheithimh, is mian liom buíochas a ghabháil leis na daoine a d'fhreastail ar an gcruinniú faoin Ráiteas Straitéise i mí an Mheithimh, agus as bhur gcuid ama agus rannpháirtíochta chun bhur gcuid feidhmeanna forchoimeáda a fheidhmiú mar a bhfuil breac-chuntas orthu san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna. Teastaíonn iarracht mhór chun na spriocdhátaí uile a chomhlíonadh mar chuid dár n-oibleagáidí reachtúla. Beimid ag obair ar an ábhar tosaíochta sin sna míonna amach romhainn. Tabharfaimid nuashonrú ina leith daoibh ag gach cruinniú agus dul chun cinn á dhéanamh againn, agus beidh ionchur uaibh de dhíth ag céimeanna éagsúla.

Maidir leis na tuarascálacha TFE, is mian linn a chinntiú go mbeidh go leor ama againn do na nuashonruithe i ndáil le Foirgnimh, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Labhróidh Debbie libh fúthu sin. Roimhe sin, tabharfaidh na Stiúrthóirí Scoileanna nuashonruithe daoibh ó na scoileanna.

Stiúrthóirí Scoileanna

An Bord Bainistíochta

Tionóladh modúil a trí d'Oiliúint an Bhoird Bainistíochta i mí an Mheithimh 2021. Díríodh, sa seisiún sin, ar oibleagáidí reachtúla an Bhoird Bainistíochta i ndáil le Níosanna Imeachta um Chosaint Leanaí agus Cumhdach Leanaí, agus ar ról an Bhoird maidir leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna).

Scaipfidh na Stiúrthóirí Scoileanna cuir i láthair ar na Príomhoidí lena roinnt ag a gcruinnithe Boird Bainistíochta faoi seach, lena chinntiú go ndéanfar freastal ar chomhaltaí Boird nua nach raibh ann an bhliain acadúil seo caite.

Scoileanna

Tionóladh Clár Ionduchtúcháin do gach Príomhoide agus Príomhoide Ionaid nuacheaptha an 21 Lúnasa, agus tá an dara seisiún le tionól an 1 Deireadh Fómhair. Díríodh sa chéad seisiún ar Oibriú le Foirne, Ullmhú don Bhliain dár gcionn i ndáil le cruinnithe foirne, SSE agus ligean isteach, chomh maith le tacaíochtaí agus seirbhísí laistigh den BOO.

Tionólfar Clár Ionduchtúcháin do gach múinteoir Bunscoile agus Iar-bhunscoile nuacheaptha mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair seo chugainn.

Díreofar sa Chlár Ionduchtúcháin do mhúinteoirí bunscoile ar Scoileanna Náisiúnta Pobail - maireachtáil de réir an éitis agus na luachanna. Soláthrófar Clár an Phátrúin, Goodness Me Goodness You (MGY), den chéad uair freisin. Rinneadh oiliúint ar bhonn cianda Dé Máirt an 14 Meán Fómhair. 2021 (3pm-4.30i.n.) agus tionólfar an dara seisiún Déardaoin seo chugainn, an 23 Meán Fómhair 2021 (3pm-4.30i.n.) ar Zoom.

Tionólfar an Clár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Bunscoile ar bhonn cianda arís i mbliana. Iarrtar ar na múinteoirí nuacheaptha, múinteoirí nuacháilithe agus céimithe le Máistir Gairmiúil le hOideachas freastal ar dhá sheisiún Dé Céadaoin an 29 Meán Fómhair agus Dé Céadaoin an 6 Deireadh Fómhair ón 4.15i.n., ar Microsoft Teams.

Sa chéad seisiún, tabharfar forléargas ar an eagraíocht, ar na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil do mhúinteoirí agus beidh ionchur ó Acmhainní Daonna. Ionchur iomlán nua a bheidh sa dara seisiún i mbliana lena ndírítear ar Éagsúlacht trí oiliúint as cuimse ‘Frithchlaonta, Frithchiníochais’ a cheap múinteoir BOOÁCDL, Briana Fitzsimons.

Tionóladh Comhdháil TFC BOOÉ an 14 Meitheamh. Díríodh an chomhdháil sin ar Phríomhoidí, Príomhoidí Ionaid agus gach ceannaire/comhordaitheoir digiteach i scoileanna ar fud na hearnála BOO. Díríodh sa Chomhdháil ar an mbealach a bhain scoileanna úsáid as an teicneolaíocht ó mhí an Mhárta 2020 agus ar an méid is ceart do scoileanna tosaíocht a thabhairt dó sa chéad bhliain acadúil eile. D’éirigh thar cionn leis an gComhdháil, ar ar fhreastail breis agus 500 rannpháirtí.

Reáchtáil BOOÉ ceardlann chuimsitheach do gach Príomhoide BOO ar fud na BOOanna an 23 Lúnasa, mar ullmhúchán don bhliain acadúil dar gcionn. An tAonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí a sholáthar an seisiún i ndáil leis an Acht um Ligeán Isteach/Alt 29. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar gach beartas maidir le ligeán isteach i scoileanna, chun daingniú CE a fháil.

Tá pobail chleachtais fós á n-éascú ag Stiúrthóirí Scoileanna i measc ár scoileanna agus tá oifigigh tacaíochta BOOÁCDL ann sna réimsí RSO, DEIS agus Ceannaireacht (TLP). Déanfar forbairt fhreagrúil ar na cláir sin maidir le riachtanais na scoileanna sa bhliain amach romhainn.

Seirbhísí don Óige

D’fhorbair BOOÁCDL an Clár Foghlama Malartach (ALP) BOOÁCDL toisc gur aithníodh nach raibh mórán deiseanna ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d’aois nach raibh i mbun oideachas foirmiúil. Is iomaí cúis a thugann ar scoláire an scoil a fhágáil go luath, agus is minic nach bhféadfaidh an córas reatha freastal ar riachtanais éagsúla na ndaoine óga sin.

Tá an clár á reáchtáil i gcúig suíomh ar fud Limistéar Riaracháin BOOÁCDL faoi láthair

- Dún Laoghaire
- Sord
- Tamhlacht
- Cluain Dolcáin
- Baile Brigín

Ghlac 46 duine óg páirt sa chlár ó mhí Mheán Fómhair 2020 go mí na Bealtaine 2021.

Conairí forchéimnithe do na daoine sin a chríochnaigh ALP Filleadh ar an Scoil: 10

- Ógtheagmháil: 5
- Ionad Oiliúna/Oideachais: 5
- Tarchurtha ar ais chuig Oifigeach Leasa Oideachais: 8
- Eil:e (Sonraigh): 1- Teagasc Baile

- Atosaíodh an clár don bhliain acadúil amach romhainn an 13 Meán Fómhair 2021. Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag teagascóirí ALP agus ag Oibrithe don Ógra leis an tSeirbhís Leasa Oideachais maidir le tarchuir chun an chlár. Tá 12 duine óg ag fillleadh ar an gclár i Meán Fómhair 2021.
- Ionaid Spóirt Dhá Fheidhm
- Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé ionad spóirt dhá fheidhm a bhainistiú ar fud limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid sin suite i gceantair atá go mór faoi mhíbhuntáiste.
- Tá spás faoi dhian le fáil ar cíós do ghrúpaí ar aon dul le riachtanais sláinte poiblí ón lá inniu ar aghaidh, Dé Luain 20/09/21. Beidh gach ionad á fheidhmiú faoi na treoirínte maidir le grúpaí measctha ó thaobh na himdhíonachta de go dtí an 22 Deireadh Fómhair.

- Soláthar Samhraidh
- Cuireadh gníomhaíochtaí éagsúla ar fáil chun díriú ar dhaoine óga i limistéar BOOÁCDL idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2021. Ina measc siúd bhí:
- Ceardlanna Spóirt Samhraidh. Bhí tuairim is 65 dhuine óg ar díriodh orthu rannpháirteach i gceardlanna spóirt arna gcur ar fáil ag oifigigh spóirt don ógra. Ina measc bhí daoine óga as Seirbhísí don ógra, Foróige (An Teampall Geal, Tamhlacht, Baile Bhlainséir) Seirbhísí don ógra, Crosscare (Cluain Dolcáin, Baile Rónáin, Dún Droma/Ráth an Dúin), YMCA, Seirbhísí d'Aos Óg an Lucht Siúil Chluain Dolcáin,
- Seoltóireacht Samhraidh: Cuireadh 68 seisiún seoltóireachta ar fáil do dhaoine óga ar díriodh orthu. Oifigigh Spóirt i gcomhar le hIonad Oideachais Allamuigh Bhealach Conglais a d'eagraigh na seisiúin sin. Rinneadh na seisiúin seoltóireachta ar Lochanna Bhaile Coimín
- Campaí Samhraidh Bhaile Phámar: Thug Oifigigh Spóirt tacaíocht do champaí samhraidh BOOÁCDL do dhaoine óga i mBaile Phámar
- Baile Uí Dhúda: Sholáthair Oifigigh Spóirt i gcomhar le hoibrithe don ógra BOOÁCDL cúig seachtaine de chlár do cheithre dhuine óga in ionad sainchúraim Bhaile Uí Dhúda

Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna

- Athoscailte BOaO
- Tá treoraíocht ó BOOÉ agus ó Ghrúpa Oibre Pháirtithe Leasmhara BOaO á leanúint ag coláistí agus ionaid BOaO i BOOÁCDL i gcónaí, lena n-áirítear an "Ráiteas ar Fhilleadh Sábháilte BOaO." An sprioc atá againn ná díriú ar leas agus ar shábháilteacht ar bhfoghlaimoirí agus ár bhfoirne fad a éascófar rochtain ar na hionaid don líon is airde mac léinn agus is féidir freastal dóibh go sábháilte ar an láthair faoi na srianta reatha. Ag an bpointe seo den phaindéim, aithnímid an gá le freagracht phearsanta agus comhfhreagracht chomhroinnte a spreagadh chun feidhmiú sábháilte coláistí agus ionaid BOaO a éascú. Tá an bhainistíocht áitiúil i mbun pleanála dá réir sin agus mar is iomchuí do riachtanais a gcuid foghlaimoirí, foirne agus saoráidí.
- An tAthbhreithniú Tosaigh
- Tá foireann BOaO um Dhearbhú Cáilíochta i mbun ullmhúcháin don chéad athbhreithniú seachtrach ar chórais BOaO maidir le dearbhú cáilíochta. Trínár rannpháirtíocht i bpróisis an Athbhreithnithe Tosaigh, tabharfar leibhéal muiníne breise d'fhoghlaimoirí agus don phobal go bhfuil monatóireacht á déanamh ar an eispéireas foghlama laistigh de BOOÁCDL maidir le dea-chleachtas agus go bhfuil socruithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le dearbhú cáilíochta ár seirbhísí.
- Mar chuid den athbhreithniú, cuirfear Tuarascáil Féinmheastóireachta mhionsonraí i dtoll a chéile sna seachtainí amach romhainn. Cuirfear an Tuarascáil Féinmheastóireachta faoi bhráid phainéal athbhreithneoirí neamhspleácha agus san áireamh inti beidh léiriú cruinn ar chur chuige reatha BOOÁCDL ar dhearbhu cáilíochta agus ó thaobh feabhas a chur ar dhearbhu cáilíochta.
- An tEarrach seo chugainn, táimid ag súil le fáilte a chur roimh phainéal athbhreithneoirí neamhspleácha chuig ár n-ionaid agus coláistí BOaO. Caithfidh siad 5 lá ag bualadh le réimse foghlaimoirí, baill foirne ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta, agus páirtithe leasmhara seachtracha, lena dheimhniú go raibh a n-eispéireas siúd ar ár soláthar BOaO ar aon dul leis an soláthar a bhfuil breac-chuntas air inár dTuarascáil Féinmheastóireachta. Is deis iontach do BOOÁCDL é an tAthbhreithniú Tosaigh chun comhairle sheachtrach a fháil faoin tslí a bhféadfaimid feabhas a chur ar ár nósanna imeachta agus ar ár bpróisis um dhearbhu cáilíochta, a mbeidh eispéireas níos fearr d'fhoghlaimoirí, do bhaill foirne agus do pháirtithe leasmhara amach anseo de thoradh air.

- An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú (MAEDF)

Tá foireann pleanála BOaO agus Seirbhís Oideachais Aosaigh ag tacú le heagraíochtaí pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin gciste MAEDF arís i mbliana. Fuarthas os cionn 30 iarratas faoin spriocdháta agus tá siad á imscrúdú faoi láthair lena chinntiú go bhfuil siad ar aon dul leis na critéir chistithe arna n-eisiúint ag SOLAS. Bunaíodh Painéal Formheasta a dhéanfaidh moltaí don Fhoireann Ardbhainistíochta níos déanaí an tseachtain seo i ndáil leis na hiarratais a fuarthas. Cuirfear an toradh in iúl do na heagraíochtaí a n-éireoidh leo chomh luath agus a dheimhníonn SOLAS leithdháileadh an chistithe sin do na hiarratais rathúla.

CAO

Tá foireann pleanála BOaO ag obair le BOOÉ faoi láthair lena chinntiú gur féidir iarratas ar chlár ar leibhéal 5 & 6 a sholáthraítear i gcoláistí agus ionaid BOaO agus atá dírithe ar fhágáilithe scoile a dhéanamh tríd an CAO in 2022. Is éard is aidhm leis sin, clár iar-ardteistiméireachta BOaO a dhéanamh níos inrochtana don chohórt sin. Ós rud é go mbeidh na clár sin níos feiceálaí ar an CAO, táthar ag súil go mbreathnóidh lucht fágála scoile orthu níos mó agus níos mó mar rogha mealltach agus fiúntach.

Formheasadh forbairt na gclár um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige thar ceann na 16 BOO agus is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le Clodagh Beare agus lena foireann. Táimid ag cur tús le hAthbhreithniú Tosaigh QQI ar BOOÁCDL.

Dámhachtainí um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

D'fhormheas painéal bailíochtaithe QQI forbairt na gclár um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige thar ceann na 16 BOO agus is mian liom buíochas ar leith a ghabháil le Clodagh Beare agus lena foireann in BOOÁCDL..

Stiúrthóir ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Cuir Debbie Howlett an Tuarascáil ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta i láthair:

Iníúchadh ag Pobal **Molta: Gerry McGuire Cuidithe: An Clr. Joe Newman**

Clár Rioscaí **Tugtha ar Aird**

Dátaí Cruinnithe BOO molta 2021/2022 **Tugtha ar Aird**

2021

18 Deireadh Fómhair

15 Samhain

2022

17 Eanáir

28 Feabhra

28 Márta

16 Bealtaine

20 Meitheamh

19 Meán Fómhair

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

5.1 Tuarascáil Airgeadais

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE							
TUARASCÁIL AIRGEADAIS							
AN BHLIAIN GO DÁTA Lúnasa 2021							
	Clár	Airgead Deontais Tosaigh Iarmhéid		Fáltais		Íocaíochtaí	Airgead Deontais Deiridh Iarmhéid
		An 1 Eanáir 2021					an 31 Lúnasa 2021
	IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	324,028		(78,095,329)		77,755,262	(16,039)
	IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(2,662,101)		(5,625,428)		5,758,663	(2,528,866)
	AN tIOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(4,756,721)		(4,752,618)		2,104,737	(7,404,602)
	IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(799,874)		(1,764,143)		1,039,819	(1,524,198)
	CAIPITEAL IOMLÁN	(9,608,231)		(10,947,880)		6,459,352	(14,096,759)
	IOMLÁN NA nDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)		-		-	(171,666)
	AN tIOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(3,112,051)		(26,130,989)		26,004,069	(3,238,971)
	IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(8,011,814)		(25,432,898)		19,363,756	(14,080,956)
	IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE	(1,222,537)		(7,772,309)		6,158,817	(2,836,029)
	IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA	(907,157)		(2,085,087)		2,599,346	(392,898)

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE		(6,860,848)	(2,940,192)	1,841,377	(7,959,663)
Iarmhéid Bainc		(37,788,972)	(165,546,873)	149,085,198	(54,250,647)
Bhí iarmhéid thart ar €54m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL amháil ag deireadh Lúnasa 2021					
Tá na deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó SOLAS go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach. Tá na deontais sin san áireamh sa Phríomhscéim Ghaolmhar,					
Deontais Bunscoile, deontais nach mbaineann leis an bPríomhscéim, deontais Chaipitil agus nach mbaineann leis an bPríomhscéim sa tábla thuas.					
	Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh	
Bainteach le PS	Deontas COVID19	0	0	0	0
Bainteach le PS	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(10,666)	0	573	(10,093)
Bainteach le PS	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(27,499)	(375,843)	202,018	(201,324)
Bainteach le PS	DEONTAS LE HAGHAIDH MAOIRSEACHT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(277,672)	(1,073,336)	580,403	(770,605)
Bainteach le PS	DEONTAS LE HAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(175,277)	(830,168)	281,953	(723,492)
Bunscoil	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(3,638)	0	2,221	(1,417)
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(52,978)	(146,312)	51,380	(147,910)
Bunscoil	DEONTAS LE HAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(55,398)	(143,364)	97,899	(100,863)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(2,697,983)	0	1,014,786	(1,683,197)
BOaO	Forchostais COVID19	(176,053)	(277,569)	77,574	(376,048)

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

DDLETB Meeting September 2021 Capital & Building Programme Report

Major Capital Projects 2021

Name & Address of Project.	Area.	Project Status/Update.
Balbriggan Community College, Pine Ridge, Chapel Street, Balbriggan.	North County Dublin Fingal County Council Area	Construction of new School, Stage 2B being prepared for the Department of Education.
St Finian's Community College, Castle farm, Swords.	North County Dublin Fingal County Council Area	Construction of Extension, 13 General Classroom's & Specialist Rooms. DDLTEB working with the DOE on a revised Scope.
Ardgillan Community College, Castle land, Balbriggan, Co. Dublin.	North County Dublin Fingal County Council Area	Remediation Works Tendered. Awaiting decision from DoE
Lucan Community College, Esker Drive, Lucan.	South West Dublin South Dublin County Council.	Contractors Pre-Qualified. Awaiting on DoE on decision to proceed to tender
Colaiste Chillian, 96-116 Old Nangor road, Clondalkin, Dublin 22.	South West Dublin, South Dublin County Council.	Tender report approved by DDLETB and issued to PM for issue to DoE
Benicasa Special School. 1 Mount Merrion Avenue, Blackrock, Co. Dublin	South East Dublin. Dunlaoghaire/Rathdown County Council.	Refurbishment of existing Building. Addressing Stage 2b comments from DoE.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

TIONSCADAIL CHAIPITIL AR LEAN

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl
Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Oibreacha foirgníochta fós ar siúl
GS Reachrann, Grange Abbey Road, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Réamhcháiliú conraitheoirí tugtha chun críche. Ag fanacht ar fhormheas ón Roinn Oideachais chun dul ar aghaidh chun tairisceana
Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Páirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. Cainteanna fós ar siúl leis an Roinn Oideachais
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.	Deimhniú Pleanála Sábháilteachta ó Dhóiteán agus DAC faighte. Tuarascáil ar Chéim 2b á hullmhú ag FD faoi láthair
Clár Oibreacha Samhraidh 2020.		Na hoibreacha uile 95% tugtha chun críche
TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an Roinn Oideachais, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁC DL.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@ddletb.ie
www.ddletb.ie

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Property: September 2021.

Property	update	Status
Dundrum Town Centre, Unit 2.	Out of lease since 2017	Several attempts being made this year with new company Hammerson acting on behalf of the board in DundrumA formal complaint has been made and now we are writing legally to Hammerson.
Mangan House Mayo	Lands need to be transferred back to DDLETB. And unpermitted use of premises. DDLETB still insuring property.	Two legal transfers have been obtained. One more remains outstanding. Which is now leading to court order. Action with William Egan.
Citywest Campus.	Full registration of lands with with PRA, Eversheds completing these queries and should be completed soon. Legal case being taken by Third Party Brunella regarding use of common areas of certain parts of land. Planning granted to DOE to build two schools.	DDLETB have joined proceedings and working with Eversheds. Proceedings and Correspondence on going. Exercise with the PRA being completed. Mediation is now scheduled for October 2021.
The White House.	Service Level agreement being drafted by DLRCC	DDLETB do not own or run a service from the site. Cross care are service providers so they will get SLA with DLRCC.
Castle land Community Centre.	Agreement with FCC out of date.	Agreement signed and agreed until September 2021 Also, meetings with FCC, school and Centre manager over outstanding maintenance agreements. Agreements made now and formal user document being drafted.
Donabate Sports hall & AW Pitch.	No formal agreement/agreement over 10 years old. Rent being charged for hall is too high. Future of pitch to be decided. No	Several Meetings held with FCC, overall original agreement being looked at by DDLETB and FCC. Legal case closed off on Pitch. Awaiting

	muirear cothabhála á íoc ag BOOÁCDL. Cás dlí fós le réiteach maidir le tuile ar an bpáirc imeartha.	táillí amuigh ón Dlíodóir maidir le táillí le 10 mbliana anuas. Léasú agus reáchtáil na páirce imeartha le cinneadh.
Baile Fiobail Ionad Pobail/Spóirt	CCFG ag iarraidh léas ar an bhfoirgneamh.	tionóladh cruinnithe maidir leis sin. Measann BOOÁCDL nach gá léas a thabhairt do CCFG. D'fhéadfaí meamram a dhréachtú ina ionad sin. Ní mór do BOOÁCDL láithreach Fhoróige ann a chur ar bhonn foirmiúil.
Lárionad na Scéime Malartaithe Ógra	Faoi léas, rinne an tiarna talún cigireacht sláinte agus sábháilteachta. Tá dhá urlár a thógamar orainn féin mí-oiriúnach faoi shláinte agus sábháilteachta. Ní bhainfidís stádas sábháilteachta dóiteáin amach ach an oiread.	Rinneadh cigireacht ar an láthair, cruinníú á thionól lenár ndlíodóir, an tiarna talún agus bainistiú réadmhaoine Stokes. Molta gan dhá urlár a úsáid as seo amach. Neamhchomhlíontacht caighdeán sábháilteachta ó dhóiteán.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhlainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poiblí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionóntaí sinn le 20 bliain anuas.	Comhfhreagras seolta ag William Egan san am atá caite chun úinéireacht a shoiléiriú agus ag iarraidh í a aistriú chugainn. Níl Oifig na nOibreacha Poiblí ag iarraidh sin, ag caint leis an Roinn maidir leis sin agus sa todhchaí.
Léas Forlíonadh Bhaile Dúill	Imithe in éag. Comhaontaíodh leanúint ar aghaidh go ceann 3 bliana.	Sínithe agus comhaontaithe leis an Tiarna Talún agus le TC Bhaile Dúill.
Comhaontuithe Leibhéil Seirbhíse	Baile Uí Dhúda tugtha chun críche.	Á seoladh chuig TUSLA.
Beart Clárúcháin Maoine.	Ní mór gach maoín a chlárú. BOOÁCDL ag obair le Dlíodóir agus leis an Roinn Oideachais.	Ar bun. Céim a trí tugtha chun críche. Ag dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.
Halla Spóirt Bhaile Brigín.	Osclaíodh an foirgneamh ag tús Covid. Bhain an scoil an úsáid ba mhó ab fhéidir as. CCFG agus BOOÁCDL ag iarraidh go n-úsáidfí an t-ionad don chuspóir a beartaíodh ar dtús, mar ionad pobail/spóirt.	Roinnt cruinnithe le baill foirne agus scoil chun seomraí a fháil ar ais. Grúpa stiúrtha á chur ar bun. Cruinnithe le CCFG maidir le cistiú agus todhchaí.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifíil na Foirne Tugtha ar Aird

- Daoine ag dul ar scor
- Ceapacháin & Arduithe Céime
- Daoine ag éirí as
- Postroinnt agus Sosanna Gairme

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie



6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord/Coistí an Bhoird

Ar aon dul le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: 18 Deireadh Fómhair 2021